


# Fáilte go dtí Leabharlann Phobail Mhá Nuad Scéal Sóisialta

Seirbhis Leabharlainne
Chill Dara
Kildare Library Service




# Tá Leabharlann Phobail Mhá Nuad ar an bPríomhshráid.

Seirbhís Leabharlainne Chill Dara
Kildare Library Service




Tá an leabharlann in aice leis an gComhar Creidmheasa agus an ngruagaire.

Seirbhís Leabharlainne
Chill Dara
Kildare Library Service

# Seo hiad ár n-uaireanta oscailte i Leabharlann Mhá Nuad.

Dé Luain 10.00am - 5.00pm

Dé Máirt 10.00am - 8.00pm

Dé Céadaoin 10.00am - 5.00pm

Déardaoin 10.00am - 8.00pm

Dé hAoine 10.00am – 5.00pm

Dé Sathairn 10.00am – 5.00pm

Dúnta ar an Domhnach

Seirbhís Leabharlainne Chill Dara
Kildare Library Service




Seo hé an bealach isteach.

Seirbhís Leabharlainne
Chill Dara
Kildare Library Service




Osclaíonn na doirse go huathoibríoch nuair a shiúlann tú isteach nó amach.

Seirbhís Leabharlainne Chill Dara
Kildare Library Service




**Tá clár fógraí nuair a théann tú isteach a insíonn duit cad atá ar siúl sa leabharlann.**

Seirbhis Leabharlainne Chill Dara
Kildare Library Service




# Tá leithreas gar don bhealach isteach freisin.

Seirbhís Leabharlainne Chill Dara
Kildare Library Service

Tá ríomhairí sa leabharlann agus is féidir leat úsáid a bhaint astu.

Tá an dá cheann seo i gcuid Thosaigh na leabharlainne, sa Rannóg d'Aosaigh Óga.
Tá ceithre ríomhaire eile díreach tar éis deisce na leabharlannaithe, gar do Rannóg na Leanaí.
Chun logáil isteach, bain úsáid as an uimhir ar do chárta leabharlainne (scríofa ar do chárta) agus UAP 4-dhigit a shocróidh tú leis an leabharlannaí.



Is féidir leat
rudaí a
fhótachóipeái
l, a scanadh
agus a
phriontáil.






**Tá Printéir 3T fiú amháin agus is féidir leat rudaí iontacha a dhéanamh.**

Seirbhís Leabharlainne Chill Dara
Kildare Library Service




Tá foireann na leabharlainne ag an deasc chun cabhrú leat.




**Tá nuachtáin an lae agus roinnt irisí sa leabharlann. Is féidir leat iad a léamh ar do chompord.**

Seirbhís Leabharlainne Chill Dara
Kildare Library Service




**Tá an leabharlann ciúin an chuid is mó den am, ach uaireanta bíonn sé gnóthach. Tá sé ceadaithe torann a dhéanamh freisin!**

Seirbhís Leabharlainne Chill Dara
Kildare Library Service




**Is féidir leat DVDanna agus físchluichí a fháil ar iasacht chomh maith le leabhair.**

Seirbhis Leabharlainne Chill Dara
Kildare Library Service

á mheaisín ann chun leabhair a sheiceáil isteach agus leabhair a thabhairt ar ais. Tá ceann amháin in aice leis an bpríomhdhoras agus ceann eile taobh thiar den deasc.

Is féidir leat na leabhair a fhágáil ar an tralaí in aice leis an meaisín féinseirbhíse nuair a bheidh siad tugtha ar ais agat.

Seirbhís Leabharlainne Chill Dara
Kildare Library Service





Ar an mbealach go dtí rannóg na leanaí, tá gairdín luibheanna agus linn éisc agus is féidir leat féachaint amach orthu.

Seirbhís Leabharlainne Chill Dara
Kildare Library Service




I rannóg na leanaí tá go leor leabhar, closleabhar agus DVDanna.




**Is féidir leat suí ag na boird ar chúl an fhoirgnimh chun léamh nó staidéar a dhéanamh. Uaireanta beidh imeachtaí ar siúl sa spás seo. Chun bheith cinnte nach bhfuil aon rud ar siúl, cuir ceist ar fhoireann na leabharlainne.**

Seirbhís Leabharlainne Chill Dara
Kildare Library Service

Tá bosca ag an leabharlann anois ina bhfuil bréagáin agus trealamh ilchéadfaí. Is féidir leat úsáid a bhaint astu agus tú ar cuairt.





Tá cluasáin cealaithe torainn againn freisin mar aon le peann léitheora. Is féidir leat iad úsáid agus tú ar cuairt.

Más maith leat, is féidir leat d'ainm a chur ar an liosta feithimh chun an peann léitheora a fháil ar iasacht ón leabharlann.

Seirbhis Leabharlainne Chill Dara
Kildare Library Service








Seo plean d’fhoirgneamh na leabharlainne.
Táimid ag tnúth le do chuairt!

Seirbhís Leabharlainne Chill Dara
Kildare Library Service